Scéalta Spóirt

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scéalta spóirt an lae. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí / frásaí Gaeilge a aimsiú de na focail seo thíos:

1. incident: _____
2. full-forward: _____
3. with his hurley stick: _____
4. action: _____
5. that he wasn't banished: _____
6. he was allowed: _____
7. penalty shot: _____
8. either one of the two: _____
9. central disciplinary committee: _____
10. succession _____
11. centre half-forward: _____

Ceist 2 Cén t-eolas a thugtar faoi na daoine seo:

Johnny Maher
Eoin O'Shaughnessy
Niall Carew
Brian Geary

Ceist 3 Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí liosta den stór focal ar fad atá ar eolas agaibh a bhaineann leis an iománaíocht.

Ceist 4. '*…lena c**h**amán…..'*

(a) Déan féin agus an duine in aice leat an séimhiú sa chás thuas a mhíniú.
(b) Breac síos samplaí eile chun an riail a mhíniú.

Ceist 5 '… ***i leith***…'

Cuir na focail seo thíos a bhaineann le tréimhsí ama in abairtí lena mbrí a léiriú:

ar feadh, fadó, i gceann, ó shin, le

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An imríonn tú féin spórt ar bith? Cad é?
Cad a cheapann tú faoin chineál foréigin a léiríodh sa mhír? Cén fáth?
Cad a cheapann tú faoi lúthchleasaithe ag glacadh drugaí?

Freagraí

Ceist 1

1. incident:	*eachtra*
2. full-forward:	*lántosaí*
3. with his hurley stick:	*lena chamán*
4. action:	*gníomh*
5. that he wasn't banished:	*nár díbríodh é*
6. he was allowed:	*ceadaíodh é*
7. penalty shot:	*buille éirice*
8. either one of the two:	*ceachtar acu*
9. central disciplinary committee:	*lárchoiste smachta*
10. succession:	*i gcomharbas*
11. centre half-forward:	*leatosaí láir*

Ceist 2

Johnny Maher: Is imreoir é le Baile Locha Riach na Gaillimhe. Bhuail sé beirt imreoirí de chuid foireann peile Naomh Tomás agus thug sé cic d'imreoir eile. Ní fhaca an réiteoir na heachtraí agus ghlac Maher an buille éirice chun cúl a bhuachan. Beidh an lárchoiste smachta ag déileáil leis an chás anois.
Eoin O'Shaughnessy: Is é an réiteoir a bhí ann sa chluiche idir Baile Locha Riach agus Naomh Tomás.
Niall Carew: Bhí sé ina roghnóir do Chontae Chill Dara agus ainmníodh é ina bhainisteoir ar fhoireann peile Phort Láirge.
Brian Geary: Tá sé ag éirí as an chluiche idir-chontae. Tá sé ag imirt le foireann sinsir iomána Luimnigh ó 1999.

Ceist 3

camán, sliotar, cúl, cúl báire, réiteoir, camógaíocht, cúilín, leataca (leathchúlaí) láir, imreoir lár páirce

Ceist 4

(a) Lena = le + a (an aidiacht shealbhach, an tríú pearsa uatha, firinscneach)
(b) Mo chamán, do chamán, lena chamán, lena camán, lenár gcamán, le bhur gcamán, lena gcamán.

Ceist 5

ar feadh: Beidh mé sa Spáinn ar feadh coicíse an samhradh seo.
fadó: Níor chaití tobac in Éirinn fadó.
i gceann: Beidh mé ag dul ar laethanta saoire go dtí an Spáinn i gceann dhá mhí.
ó shin: Chas mé le Máire trí seachtaine ó shin.
le: Cá raibh tú? Tá mé ag fanacht anseo le dhá uair a chloig.

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Ruairí Mac Con Iomaire

Agus d'fhéadfadh lárchoiste cluichí na Gaillimhe breathnú arís ar eachtra a tharla ag druidim le deireadh an chluiche cheannais[i] nuair a bronnadh poc éirice ag an lántosaí Bhaile Locha Riach Johnny Maher. Feictear Maher ag bualadh beirt d'imreoirí Naomh Tomás[ii] lena chamán, gníomh is léir nach bhfaca an réiteoir Eoin O' Shaughnessy bíodh is nár díbríodh den pháirc é mar ba chóir, go deimhin ceadaíodh do Maher an buille éirice a bhualadh é féin agus scóráil sé cúl. Feictear ansin é áfach ag tarraingt cic ar fhear eile fós ach is léir nach bhfaca an réiteoir ach an oiread. De bharr nár dhéileáil an réiteoir le ceachtar eachtra tá an chumhacht anois ag lárchoiste smachta an chontae déileáil leis agus an brú ag méadú orthu sa gcontae[iii] amhlaidh a dhéanamh.

Ag fanacht le cluichí Gaelacha agus tuigtear dúinn go bhfuil iar-roghnóir de chuid Chontae Chill Dara, Niall Carew, le ceapadh anocht ina bhainisteoir nua ar fhoireann peile Phort Láirge. Tiocfaidh Carew i gcomharbacht[iv] ar Johnny Owens. Agus tá sé fógartha inniu leis ag captaen (ní chloistear) iar-chaptaen iomána Luimnigh Brian Geary go bhfuil seisean ag éirí as an gcluiche idir-chontae. Tá Geary ag treabhadh an chosáin le foireann an chontae sin ó 1999 i leith. É ina chaptaen ar an bhfoireann a chaill cluiche ceannais na hÉireann in aghaidh Chill Chainnigh cúig bliana ó shin. Cé gur chaith sé blianta fada i gcroílár na cosanta is ina leath-thosaí[v] láir a bhí sé ag imirt i mbliana faoi stiúir John Allen.

---

[i] *chluiche ceannais* a deirtear
[ii] *Naomh Thomáis* a deirtear
[iii] *sa chontae* atá sa chaighdeán
[iv] *i gcomharbas* atá sa chaighdeán
[v] *Leatosaí* atá sa chaighdeán